# CINNEADH Uimh. 135/2022 Ó CHOMHCHOISTE LEE

## an 29 Aibreán 2022

## lena leasaítear Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/1579]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("Comhaontú LEE"), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh ([1]) ("EPBD") le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) I ngeall ar shainiúlachtaí stoc foirgneamh réasúnta nua agus aonfhoirmeach na hÍoslainne, comhaontaítear díolúine shealadach agus choinníollach ó Threoir 2010/31/AE maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a chur i bhfeidhm. Ba cheart feidhm a bheith ag an díolúine sin maidir le Treoir 2010/31/AE mar a bhí i bhfeidhm roimh an leasú le Treoir (AE) 2018/844 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018. Ba cheart go mbeadh an díolúine sin teoranta go docht ó thaobh ama de agus níor cheart feidhm a bheith aici ach go dtí go dtiocfar ar chomhaontú maidir le hionchorprú Threoir 2010/31/AE arna leasú le Treoir (AE) 2018/844 i gComhaontú LEE.

(3) I gcomhréir leis an méid an-bheag den stoc foirgneamh i Lichtinstéin agus an tíopeolaíocht aeráide agus foirgneamh atá ann, tá Lichtinstéin díolmhaithe ón oibleagáid faoi Airteagal 5 de EPBD a cuid ríomhanna féin a dhéanamh chun na leibhéil is fearr is féidir ó thaobh costais de maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a bhunú d'fhoirgnimh.

(4) De bhun na gcoinníollacha maidir le hoiriúnú (c), féadfaidh an Iorua agus Lichtinstéin rialacháin a leagan síos maidir le híoscheanglais um fheidhmíocht fuinnimh agus úsáid á baint as teorainn córais atá difriúil ó úsáid phríomhúil fuinnimh, arb é an ceann é a cheanglaítear faoi EPBD, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in oiriúnú (c).

(5) Áirithítear le hoiriúnú (d) go dtáirgeann an córas deimhniúcháin d'fheidhmíocht fuinnimh arna oibriú ag an úsáideoir san Iorua torthaí atá coibhéiseach le deimhnithe arna n-eisiúint ag saineolaithe neamhspleácha mar a cheanglaítear le hAirteagal 17 de EPBD.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn IV a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 17 (Treoir 2002/91/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Comhaontú LEE:

"**32010 L 0031**: Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (IO L 153, 18.6.2010, lch. 13).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, déanfar forálacha na Treorach a léamh maille leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

(a) Ní bheidh feidhm ag an Treoir seo maidir leis an Íoslainn.

(b) Cuirtear an méid seo a leanas le hAirteagal 5(2):

"Chun críche na leibhéil is fearr is féidir ó thaobh costais de maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a bhunú, féadfaidh Lichtinstéin ríomhanna Páirtí Chonarthaigh eile a bhfuil paraiméadair chomparáideacha aige a úsáid."

([1]) IO L 153, 18.6.2010, lch. 13.

(c) Chun críche Airteagal 9(3)(a) agus Iarscríbhinn I de EPBD, féadfaidh Lichtinstéin agus an Iorua a gceanglais maidir le húsáid fuinnimh a bhunú ar ghlanfhuinneamh, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha agus na coimircí seo a leanas:

(i) Leagtar na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh síos i gcomhréir le ceanglais Airteagal 5 de EPBD, de réir bhunphrionsabail an chreata modheolaíochta, a bunaíodh chun na leibhéil is fearr is féidir ó thaobh costais de a ríomh maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh. ([2])

(ii) Foilsítear táscaire uimhriúil ar úsáid fuinnimh phríomhúil a chomhfhreagraíonn do na ceanglais um fheidhmíocht fuinnimh atá leagtha síos sa chód tógála.

(iii) Forchoimeádann an Coimisiún an ceart athbhreithniú a dhéanamh ar an oiriúnú sonrach sin i gcomhthéacs na gcaibidlíochtaí amach anseo maidir le EPBD arna leasú le Treoir (AE) 2018/844.

(d) Cuirfear an méid seo a leanas le hAirteagal 17:

"Féadfaidh Stáit CSTE córas simplithe um dheimhniú feidhmíochta fuinnimh arna oibriú ag an úsáideoir a bhunú d'fhoirgnimh chónaithe ar féidir é a úsáid mar mhalairt ar shaineolaithe a úsáid má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(i) Tá eolas críochnúil agus sonraí ar ardchaighdeán ar fáil ar stoc iomlán na bhfoirgneamh cónaithe, lena n-áirítear na tíopeolaíochtaí agus na bandaí aoise foirgnimh go léir, agus tréithe an imchlúdaigh foirgnimh agus na gcóras teicniúil tógála atá in úsáid in aghaidh na tíopeolaíochta, rud a fhágann gur féidir feidhmíocht fuinnimh foirgneamh aonair agus aonad foirgneamh a ríomh le hardleibhéal cinnteachta ar bhonn ionchur úsáideoirí,

(ii) Tá faisnéis mhionsonraithe ar fáil maidir le feabhsuithe atá barrfheabhsaithe agus éifeachtach ó thaobh costais de le haghaidh gach tíopeolaíocht foirgnimh.

(iii) Tá bearta i bhfeidhm chun tacú leis na húsáideoirí an córas a oibriú chun críche an chórais a eisíonn deimhnithe foirgnimh. Ar na bearta sin, d'fhéadfaí a áireamh líne chabhrach nó seirbhísí comhairleacha a chumasóidh teagmháil idir na húsáideoirí ar thaobh amháin, agus saineolaithe neamhspleácha agus saineolaithe córais ar an taobh eile,

(iv) Chun riosca diomaibhseach maidir le hionramháil na dtorthaí a áirithiú, áirítear sa chóras deimhniúcháin arna oibriú ag an úsáideoir sásra(í) um rialú cáilíochta agus fíorú chun sonraí ionchuir na n-úsáideoirí a sheiceáil agus chun a áirithiú go bhfuil sonraí ionchuir na n-úsáideoirí trédhearcach,

(v) Tá córais rialaithe neamhspleácha i bhfeidhm chun a chinntiú go dtáirgeann an deimhniú feidhmíochta fuinnimh a oibríonn an t-úsáideoir torthaí atá coibhéiseach le deimhnithe a eisíonn saineolaithe, ó thaobh cáilíochta agus iontaofachta de,

(vi) Eisíonn an córas a oibríonn an t-úsáideoir moltaí ar féidir leo comhairle a chur ar úsáideoirí maidir le feabhsuithe atá barrfheabhsaithe agus éifeachtach ó thaobh costais de agus a bhaineann go sonrach lena bhfoirgnimh agus lena n-aonaid foirgneamh"".

*Airteagal 2*

Is téacs údarásach téacs Threoir 2010/31/AE san Íoslainnis agus san Ioruais atá le foilsiú san Fhorlíonadh LEE a ghabhann le *hIris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 30 Aibreán 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus san Fhorlíonadh LEE a ghabhann léi.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 244/2012 ón gCoimisiún an 16 Eanáir 2012 lena bhforlíontar Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh trí chreat modheolaíochta comparáideach a bhunú chun na leibhéil is fearr is féidir ó thaobh costais de a ríomh maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh d'fhoirgnimh agus d'eilimintí foirgneamh.

(*) Tá shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29 Aibreán 2022.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*

*An tUachtarán*

Nicolas VON LINGEN